Greater Dublin Drainage

# update

Eagrán 1: Deireadh Fómhair 2011

Greater Dublin Drainage

# Naoi ndáilteacht talún aitheanta le go ndéanfaí iniúchadh breise orthu mar shuíomhanna féideartha d'Ionad Cóireála Fuíolluisce.

I mí Aibreáin na bliana seo, thosaigh Comhairle Contae Fhine Gall ar phróiseas chun suíomhanna oiriúnacha a aithint d'ionad nua cóireála fuíolluisce réigiúnach, séarach fithiseach agus do shruth éalaithe muirí (a chuimsíonn formhór Limistéir Údaráis Áitiúil Fhine Gall). An t-ainm atá ar an bpróiseas seo ná Tionscadal Sruthchórais Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tharla ceithre seachtaaine de chomhairliúchán poiblí idir Bealtaine agus Meitheamh. Tugadh cuireadh do gach páirtí leasmhar, an pobal i gcoitinne san áireamh, comhairle a chur ar Fhoireann an Tionscadail maidir leis na critéir agus na srianta ar chóir dóibh a chur san áireamh agus iad ag déanamh machnaimh ar shuíomhanna don bhonneagar nua seo.

Cuireadh gach aighneacht agus nóta tráchta ó pháirtithe leasmhara san áireamh in obair na Foirne Tionscadail, nuair a reáchtáil siad próiseas scagthástála cuimsitheach ar Thuaisceart Bhaile Átha Cliath.

Tá naoi ndáileacht talún féideartha aitheanta ag an bpróiseas scagthástála anois, ina bhféadfadh go mbeadh an t-ionad nua réigiúnach cóireála fuíolluisce beartaithe suite.

Aidhm na faisnéise sa bhileog seo ná

- **nuashonrú a dhéanamh duit ar fhorbairt an tionscadail**

agus

- **an deis a thabhairt duit páirt a ghlacadh sa bhabhta nua comhairliúcháin phoiblí maidir leis na 9 ndáileacht talún a aithníodh le go ndéanfaí iniúchadh breise orthu mar shuíomhanna féideartha don Ionad Cóireála Fuíolluisce.**

Logáil isteach ar **www.greaterdublindrainage.ie** chun tuilleadh sonraí a fháil

## Céard atá ar siúl anois?

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tar éis garsprioc suntasach a shroicheadh sa chuardach d'ionad réigiúnach cóireála fuíolluisce, sruth éalaithe muirí agus do bhealaí don séarach fithiseach, ó d'fhoilsigh siad **Measúnú do Shuíomh Malartach Céim a hAon - Tuairisc um Iarmhairtí Réamh-Scagthástála.**

Sonraíonn an Tuairisc seo naoi (9) ndáileacht talún féideartha ina bhféadfaí an tIonad Réigiúnach Cóireála Fuíolluisce beartaithe a chur agus sonraíonn sé chomh maith pasáistí na bpíblínte chuig agus ón ionad, de bhreis ar limistéir éalaithe féideartha amach go Muir Éireann. Is é a bhí i gceist sa chur chuige a úsáideadh chun na suíomhanna seo a aithint ná iarmhairtí suntasacha comhshaoil a sheachaint (ní a mhaolú amháin). Meastar go bhfuil suíomh ionann agus c. 20 heicteár riachtanach don Ionad Réigiúnach Cóireála Fuíolluisce nua.

Ní shonraíonn an Tuairisc suíomhanna ar leith don ionad nua cóireála fuíolluisce réigiúnach. Tá formhór na ndáileachtaí talún a aithníodh i bhfad níos mó ná an 20 heicteár riachtanach don ionad nua cóireála fuíolluisce réigiúnach agus d'fhéadfadh go mbeadh líon roghanna láithreánaithe féideartha laistigh de gach ceann acu.

## Céard a tharlóidh ina dhiaidh seo?

Tá na naoi ndáileacht féideartha a aithníodh sa Tuairisc bunaithe ar staidéir ardleibhéil, deascbhunaithe agus déanfar iniúchadh níos mine ar gach ceann acu thar shaolré an tionscadail. Tá gá anois le faisnéis shonrach don suíomh, grinntaighde deasc agus suirbhéanna suímh, chomh maith le haiseolas ón bpobal chun aon dáileacht talún mí-oiriúnach a chur a leataobh agus chun tacú leis an suíomh is fearr a aimsiú.

Greater Dublin Drainage

# Deis Chomhairliúcháin Nua don Phobal - cathain a d'fhéadfainn bheith páirteach?

Reáchtálfar an chéad chéim eile sa chomhairliúchán poiblí maidir le Tionscadal Sruthchóras Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i suíomhanna na naoi ndáileacht talún aitheanta, pasáistí píblíne agus sna suíomhanna éalaithe thar tréimhse sé seachtaine ón 10 Deireadh Fómhair go dtí an 18 Samhain.

Cinnteoidh an próiseas comhairliúcháin neamh-reachtúil seo go mbeidh an deis is fearr ag gach páirtí nó grúpa leasmhar bheith páirteach sa phróiseas roghnaithe suímh, ag cur na dtosca teicniúla go léir san áireamh.

Tá fáilte roimh chách a gcuid tuairimí a chur in iúl.

Déanfaidh an Fhoireann Tionscadail athbhreithniú agus machnamh ar gach aighneacht agus aiseolas sa chéad chéim eile den phróiseas

Is deis í seo dul i dteagmháil leis an bhFoireann Tionscadail agus do chuid dearcthaí a chur in iúl maidir leis na dáileachtaí talún féideartha, suíomhanna éalaithe agus pasáistí píblíne.

# Deis Chomhairliúcháin Nua don Phobal - conas is féidir liom bheith páirteach?

## Freastal ar Lá Oscailte

Tugtar cuireadh do gach páirtí leasmhar freastal ar aon cheann de na ceithre Lá Oscailte a bheidh ar siúl i Halla Contae Fhine Gall, An tSráid Mhór, Sord, i rith mí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna ar na laethanta seo a leanas:

- **Dé Sathairn 22 Deireadh Fómhair ó 11am go 4pm**
- **Dé Céadaoin 26 Deireadh Fómhair ó 2pm go 8pm**
- **Déardaoin 3 Samhain ó 2pm go 8pm**
- **Dé Sathairn 5 Samhain ó 11am go 4pm**

## Do dhearcadh a chur in iúl

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh díreach leis an bhfoireann tionscadail ag na Laethanta Oscailte nó féadann tú nóta tráchta a chur i rphost chuig info@greaterdublindrainage.ie.

## Teagmháil

Féadann tú dul i dteagmháil leis an bhFoireann Tionscadail sna slite seo a leanas, fiú i rith an phróisis chomhairliúcháin:

**Íosghlao teileafóin:** 1890 44 55 67

**Scríobh chuig:** Bainisteoir Tionscadail Sruthchóras Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, f/ch RPS Group, Campas Gnó na Cé Thiar, Dún Laoghaire, Co. Átha Cliath.

Greater Dublin Drainage

Ag an bpointe seo, ba mhaith linn do chuid dearcthaí a fháil maidir leis na mórcheisteanna seo a leanas:

- **Céard iad na tréithe de gach dáileacht talún aitheanta a dhéanann oiriúnach nó mí-oiriúnach iad mar shuíomhonna féideartha d'ionad réigiúnach cóireála fuíolluisce?**
- **Cén mhórcheist is gá a chur san áireamh agus machnamh á dhéanamh faoi shuíomh an tsrutha mhuirí?**
- **Cén mhórcheist is gá a chur san áireamh agus machnamh á dhéanamh faoi chúrsa na píblíne?**
- **Conas is cóir machnamh a dhéanamh ar an gcéad chéim eile sa tionscadal?**
- **Cén mórcheisteanna eile a cheapann tú ar chóir a chur san áireamh ag an bpointe seo sa tionscadal?**
- **Conas ar mhaith leat bheith páirteach nó go ndéanfaí teagmháil leat faoi mar a théann an tionscadal chun cinn?**

Chun tuilleadh sonraí agus chun an Tuairisc iomlán ASA um Iarmhairtí Réamh-Scagthástála a léamh, logáil isteach ar www.greaterdublindrainage.ie

## Céard is Sruthchóras Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ann?

Is é is aidhm do Thionscadal Shruthchóras Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ná bonneagar straitéiseach sruthchórais a sholáthar atá riachtanach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) chun leanúint air ag forbairt, go sóisialta agus go heacnamaíoch araon.

Is éard a chuirfidh an tionscadal seo ar fáil ná:

- **oibreacha nua réigiúnacha cóireála fuíolluisce**
- **sruth éalaithe muirí agus**
- **líonra nua draenála sa chuid ó thuaidh i MBÁC.**

## Cé atá ag stiúradh Tionscadal Sruthchóras Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath?

Is é Comhairle Contae Fhine Gall atá ag stiúradh an tionscadail Sruthchórais Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, thar ceann Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Chomhairlí Contae Dún Laoghaire - Ráth an Dúin, Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus na Mí.

## Cén fáth a mbeadh sé de dhíth orainn?


Tá an bonneagar nua de dhíth orainn chun sruthchóras inbhuanaithe agus cóireáil fuíolluisce inbhuanaithe a sholáthar do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC), chun freastal ar riachtanais reatha agus todhchaí eacnamaíochta, thionsclaíocha agus chónaithe, chun an comhshaol a chosaint agus chun ceanglais Chreat-Treoir Uisce an AE a chomhlíonadh.

Tá Tionscadal Shruthchóras Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath riachtanach d'fhorbairt fhadtéarmach shóisialta agus eacnamaíochta MBÁC agus Limistéar Údarás Áitiúil Fhine Gall, ach go háirithe. Beidh formhór na sreafa ón ionad ag teacht ó Limistéar Údarás Áitiúil Fhine Gall.

# Dáileachtaí talún féideartha faoina ndéanfar comhairliúchán

Is é Comhairle Contae Fhine Gall atá ag stiúradh an Tionscadail Sruthchórais Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, thar ceann Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Chomhairlí Contae Dún Laoghaire - Ráth an Dúin, Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus na Mí.

Tá an deis curtha ar fáil ag Comhairle Contae Fhine Gall do gach páirtí leasmhar, an pobal i gcoitinne san áireamh, bheith páirteach sa tionscadal seo ó tosaíodh air, ionas gur féidir na suíomhanna is fearr a roghnú don bhonneagar riachtanach fuíolluisce nua seo.




**Íosglao teileafóin 1890 44 55 67**